C/2025/6093

10.11.2025

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2025/6093)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

ar leathanach 196, cuirtear isteach Nóta Míniúcháin nua a ghabhann le Nóta 4 de Chaibidil 39 maille leis an téacs seo a leanas:

'**Nóta 4**

Ríomh chóimheasa maise na n-aonad monaiméire i gcomhpholaiméirí:

Déantar cóimheasa maise na n-aonad monaiméire uile i slabhraí comhpholaiméire a ríomh bunaithe ar struchtúr móilíneach na comhpholaiméire (seachas na hábhair thosaigh), agus imoibriú foirmithe na polaiméire á chur san áireamh. I gcás inarb infheidhme, sanntar an t-adamh lena nasctar dhá aonad monaiméara chóngaracha leis an aonad monaiméara as a dtagann an t-adamh.

Léiríonn na samplaí seo a leanas ríomh an chion aonaid monaiméara i gcomhpholaiméirí:

— I dteireataláit phoileitléine, ar poileistear é atá comhdhéanta d'aigéad teireatalach agus de pháirteanna gliocóil eitiléine, cuirtear an dá ocsaigin alcóil i leith an aonaid monaiméire gliocóil. Dá bhrí sin, ríomhtar gliocól eitiléine mar $C_2H_4O_2$, agus ríomhtar teireataláit mar $C_8H_4O_2$.

— I bpolaimíd-6,6, ar polaimíd í ina bhfuil heicsimeitiléindé-aimín agus aigéad aidipeach, cuirtear an dá adamh nítrigine i leith an aonaid monaiméire dé-aimín. Dá bhrí sin, ríomhtar heicsimeitiléindé-aimín mar $C_6H_{14}N_2$ agus ríomhtar aigéad aidipeach mar $C_6H_8O_2$.'

([1]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.